AN DARA EPISTIL ABSDAIL

# EOIN.

## CAIB. I.

Grád Eóin dón baintiġearna toġa 7 a clann.

AN seanóir ċum na baintiġearna toġṫa 7 ċum a cloinne, dá bfuil mo ġrád go fírinneċ; 7 ní hé mo [ġrádsa] amáin, aċd [grád] na nuile mar an gcéudna noċ fuáir eólas ar an bfírinne;

2 Air son na fírinne ċómhnuiġeas ionnuinn, agus bías maille rinn go síorruiḋe.

3 Grása, trócaire, [7] síoṫċáin maille rib, ó Dhia Aṫar, 7 ón dTiġearna Iósa Críosd, Mac a nAṫar, maille ré fírinne 7 ré grád.

4 Do bí gáirdeaċas mór oram do ḃríġ go ḃfuair mé [cuid] dód ċloinnse ag siúbal do réir na fírinne, amhuil fúaramar aiṫne ó nAṫar.

5 Agus a nois iarruim daṫċuinge ort, a ḃaintiġearna, (ní mar do ḃéinn ag sgríoḃaḋ aiṫne nuáiḋe ċugad, aċd na [haiṫne] do bí aguinn ó ṫosuiġ), [éaḋon], a ċéile do ġráḋuġaḋ ḋuinn.

6 Agus a sé so an grád, éaḋon sinn do ṡiúbal do réir a aiṫeantasan. A sé so a naiṫne, Do réir, mar do ċúalabar ó ṫosuiġ, ċum beiṫ ḋíb ag siúbal innte.

7 Oir is iomḋa mealltóir ṫáinic a steaċ san domhan, naċ admhuiġeann Iósa Críosd do ṫeaċd a gcolainn. [Gioḋ bé atá mar sin] as mealltóir agus as ainticríosd é.

8 Tuguiḋ aire rib féin, naċ léigfeam amúġa na neiṫe do ṡaoṫruiġeamar, aċd go maḋ ḟéidir linn lánlúaċ saoṫar do ġlacaḋ.

9 Gioḋ bé neaċ ṡáruiġeas, agus naċ cómhnuiġeann a dteagusg Chríosd, ní bfuil Dia aige. An tí ċómhnuiġeas a dteagusg Chríosd, atá an tAṫar 7 an Mac aige.

10 Dá dtigiḋ éinneaċ ċuguib, 7 naċ dtabar sin an teagusgsa, na gabuiḋ ċuguib a steaċ é, agus na beannuiġe ḋó:

11 Oir an tí beannuiġeas dó atá sé páirtaċ ré na ḋroċġníomarṫuib.

12 Bioḋ go raib mórán do neiṫib agum ré a sgríobaḋ ċuguib, níor ḃáil leam [sgríobaḋ] ré paipéur 7 ré dúb: aċd atá súil agum ré ṫeaċd ċuguib, 7 ré lábairt [rib] béul air béul, ċum ar ngáirdeaċais do ḃeiṫ iomlán.

13 Cuirid clann do ḋeirbḟeaṫar toġṫa beaṫa agus sláinte ċugad. Amén.

---

AN TREAS EPISTIL ABSDAIL

# EOIN.

## CAIB. 1.

Droċ ċlú Dhiotreṗes, clú ṁaiṫ Dhemetrius.

AN seanóir ċum Gáius gráḋuiġ, dá bfuil mó ġrád go fírinneċ.

2 A [ḋearbráṫair] ġráḋuiġ, do bfearr leam ar tús go bfaġṫá séun 7 sláinte, amhuil atá séun ar ṫanam.

3 Oir do ġab gáirdeaċas mór mé, an tan ṫangadar na dearbráiṫre 7 do rinneadar fiaḋnuise dón ḟírinne atá